



an áit LE MAIREACHTÁIL



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

an áit LE BHEITH



an áit LE hAGHAIDH GNÓ

COMHAIRLE CATHRACH
BHAILE ÁTHA CLIATH

Plean
Corparáideach
2015-2019

CLÁR

Brollach	02
Réamhrá	03
Timpeallacht atá ag athrú	06
Fís, Misean agus Luachanna	15
Téamaí	18
An Plean Corparáideach a chur i ngníomh	39
Struchtúr Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	41
Struchtúr na Rann	42

Is é an Plean Corparáideach seo a fhónfaidh mar chreat straitéiseach gníomhaíochta do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don tréimhse 2015-2019. Táthar tar éis é a ullmhú i gcomhlíonadh an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 agus an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Sa Phlean tugtar raon beartas náisiúnta agus Eorpach atá ann cheana, na straitéisí agus na pleananna i ndáil le cláir agus gníomhaíochtaí atá lárnach ó thaobh na Spriocanna agus na gCuspóirí atá i bPlean Corparáideach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun suntais freisin agus cuirtear i gcuntas ann iad.

BROLLACH

Is mór ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Plean Corparáideach seo don tréimhse 2015 -2019 a chur i láthair. Tá Fís ann don Chathair agus don Chomhairle mar eagraíocht agus dearbhaítear ann na luachanna faoinar cheart dúinn oibriú le chéile chun ár n-uailmhianta a fhíorú.

Thángthas ar an treo chun cinn atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach agus ar na Spriocanna agus na Cuspóirí soiléire ar a dtugtar breac-chuntas de thoradh próiseas fairsing agus uilechuimsitheach comhairliúcháin ar cuireadh tús leis i Samhradh na bliana 2014. Lorgaíodh tuairimí na bpríomhpháirtithe leasmhara uile agus breithníodh iad agus san am céanna mheas an Chomhairle na saincheistanna comhshaoil ar féidir leo tionchar chomh tábhachtach sin a imirt ar ár gcumas na nithe a bhfuil breac-chuntas tugtha orthu anois sa doiciméad seo mar phríomhthosaíochtaí do na cúig bliana seo romhainn a chur i gcrích.

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath fós ag soláthar os cionn 600 seirbhís do mhuintir Chathair Bhaile Átha Cliath agus dóibh siúd a thagann ar cuairt nó atá i mbun gnó sa chathair agus is í ár n-uailmhian leanúint orainn ag soláthar seirbhísí ardchaighdeán chomh héifeachtach is is féidir ar feadh thréimhse an phlean seo.

Ó tharla ceangail láidre ó thaobh teanga agus staire de a bheith ag an gcathair leis an nGaeilge déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a dícheall an leibhéal is airde de sheirbhísí i nGaeilge a sholáthar dár gcustaiméirí. Cuirimid fáilte roimh Ghaeilge i gcónaí. Leanfaimid orainn de thacaíocht a thabhairt i dtaobh úsáid agus chur chun cinn na Gaeilge agus de sheirbhísí Gaeilge a fheabhsú.



Déanfar na gníomhartha a bheidh taobh thiar de na Spriocanna agus na Cuspóirí atá leagtha amach anseo a thuairisciú i bpleananna bliantúla na ranna agus i bpleananna mionsonraithe an tsoláthair seirbhíse a mbeidh critéir tomhais shonracha leo agus déanfar an tuairisciú ar bhealach a bheidh trédhearcach agus cuntasach go hiomlán. Is ar chumarsáid rialta, fhaisnéiseach agus sho-úsáidte lenár bpríomhpháirtithe leasmhara a bheidh an bhéim againn agus cinnteoidimid gur léir do gach duine, go leanúnach, cé mar a bheidh ár bpleananna á gcur i gcrích againn.

Cuireadh an Plean Corparáideach i dtoll a chéile i gcomhar le muintir Bhaile Átha Cliath agus is do mhuintir Bhaile Átha Cliath é. Tá ár mbuíochas ag dul do na daoine go léir a raibh lámh nó páirt acu i gceapadh an Phlean seo agus ba mhaith linn freisin buíochas a ghabháil lenár gComhairleoirí, leis an nGrúpa Comhpháirtíochta Corparáidí, leis an nGrúpa ar Bheartas Corparáideach agus lenár bhfoireann as a n-ionchur agus as a ndearna siad le linn don Phlean Corparáideach seo á bheith á ullmhú.

Is é ár n-uailmhian nach mbeidh Baile Átha Cliath le sárú mar áit le bheith ag maireachtáil, ar cuairt nó i mbun gnó.

Dearbhaíonn an Plean Corparáideach seo an athuair go bhfuilimid tiomanta an uailmhian sin a fhíorú.

Owen P. Keegan
An Príomhfheidhmeannach

Christy Burke
Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath



RÉAMHRÁ

ÁR gCOMHAIRLE

Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Áitiúil is mó in Éirinn. Tá achar 11,761 heicteár fúithi agus is 527,612 duine an líon daoine a chónaíonn inti (Daonáireamh 2011).

Tá sí ar cheann de na ceithre údarás áitiúla atá i Réigiún Bhaile Átha Cliath arb 1.273 milliún duine a dhaoirna iomlán agus arb ionann sin agus 28% de dhaoirna na tíre. Is í príomhchathair riaracháin agus polaitíochta na hÉireann í agus is inti atá rialtas na tíre agus uachtarán an stáit lonnaithe. 63 chomhalta thofa atá ar an gComhairle seo ar thosaigh a téarma oifige i Meitheamh 2013. Soláthraíonn an 5,800 ball foirne atá ag an gComhairle Cathrach réimse leathan agus éagsúil seirbhísí do mhuintir Chathair Bhaile Átha Cliath, do gnóthais agus do na daoine a thagann ar cuairt ar an gcathair.

Tugtar faoi ghníomhaíochtaí i réimse oibreacha an bhonneagair fhisicigh amhail tithíocht agus bonneagar bóithre a sholáthar agus a chothabháil agus freisin sna réimsí a bhaineann leis na healaíona, spórt, áineas, imeachtaí, fóillíocht, turasóireacht agus seirbhísí sóisialta lena n-áirítear leabharlanna, saoraidí spóirt, páirceanna, forbairt pobail agus seirbhísí leasa tithíochta. Soláthraíonn an Chomhairle Cathrach seirbhísí dóiteáin, práinnfhreagartha agus sábháilteachta don réigiún trí bhithin Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath agus tá ról rialaithe agus forfheidhmithe aici atá tábhachtach i ndáil le cúrsaí pleanála, rialaithe tógála agus comhshaoil. An bhliain seo caite, chuir an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 athruithe eile ar an ról a bheidh ag na húdaráis áitiúla lena n-áirítear Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in earnáil na forbartha geilleagraí.

ÁR gCATHAIR

Príomhchathair mhór san Aontas Eorpach is ea Baile Átha Cliath a bhfuil tréithe iontacha, cultúr beo bríomhar agus geilleagar nuálach ag roinnt léi. Ós gur mheall sí breis is 3.9 milliún cuairteoir ón iasacht in 2013, agus gur gineadh 1.4 billiún in ioncam, tá réimse a shíneann i bhfad níos faide ná limistéar riaracháin na comhairle cathrach agus Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath i gcoitinne á chlúdach anois faoi gheilleagar Bhaile Átha Cliath ó thaobh cuntas a thabhairt i leith leath, beagnach, den gheilleagar náisiúnta.

Ó tharla gur príomhchathair idirnáisiúnta í tá Baile Átha Cliath ag feidhmiú mar thairseach Eorpach agus idirnáisiúnta don lear mór gnólachtaí ilnáisiúnta a bhfuil a gceanncheathrúna bunaithe acu sa chathair. Tá Baile Átha Cliath fós ar cheann de na láithreacha is tarraingtí ar domhan don Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus d'éirigh thar na bearta léi sna blianta deireanacha seo príomhghnólachtaí teicneolaíochta a mhealladh sa chaoi is go bhfuil naoi gcinn as na deich gcuideachta TFC is tábhachtaí ar domhan lonnaithe i mBaile Átha Cliath anois.

Ach oiread le bheith ar thús cadhnaíochta mar chathair atá dearfach i leith na teicneolaíochta, tá sé d'aidhm ag Cathair Chliste, tionscnamh de chuid Bhaile Átha Cliath an obair go léir a bhaineann le cathair chliste atá idir lámha ag an gComhairle Cathrach a tharraingt ina chéile agus i ndeireadh báire is éard a bheidh mar chuspóir leis *“an cumas maireachtála agus an tarraingteacht a ghabhann le Baile Átha Cliath mar chathair le maireachtaí, oibriú, infheistiú agus a bheith ar cuairt inti a fheabhsú tríd an teicneolaíocht a úsáid i gcomhar le gníomhaireachtaí*

eile agus leis na cónaitheoirí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an gCathair agus leas a bhaint as an nuálaíocht sna bealaí atá againn le seirbhísí a sholáthar.”

Tá ról tábhachtach ag Baile Átha Cliath freisin i réimsí na seirbhísí airgeadais, an mhiondíola agus na turasóireachta. Meallann muintir Bhaile Átha Cliath cuairteoirí chun na cathrach ar bhealaí a léiríonn gur cathair í atá beo bríomhar, tarraingteach, taitneamhach, agus atá ag cur thar maoil le saintréithe agus le daoine cáiliúla. Cathair í ina bhfuil meascán mór daoine as tíortha iomadúla, gona gcultúir agus a dtraidisiúin a fhónann do chineál saoil atá nua-aimseartha, lán fuinnimh.

Cathair ina bhfuil an stair de dhlúth agus d'inneach inti, agus a bhfuil oidhreacht shaibhir ailtireachta, liteartha agus oideachais ag roinnt léi. Cathair ina bhfuil sráidbhailte agus pobail a bhfuil cúlraí sóisialta agus geilleagracha éagsúla acu agus a bhfuil grúpaí difriúla iontu. Maireann daonra ilchultúrtha atá ag dul i líonmhaire inti anois agus is thar tír isteach a tháinig níos mó ná 17% den daonra sin.

Tá tírdhreach uirbeach agus struchtúr uathúil ag Baile Átha Cliath a fhágann go ngabhann tréithe agus féiniúlacht ar leith léi a dtugtar aitheantas dóibh go hidirnáisiúnta. “Dubh linn” i nGaeilge agus an chiall “lochán dubh” leis an bunús atá leis an ainm Dublin agus léiríonn an leagan Gaeilge eile “Baile Átha Cliath”, “an baile ar áth na gcliath” go mbaineann stair le bunú na Cathrach. Faightear léargas ar an bhféiniúlacht seo as patrún na sráideanna agus na spásanna uirbeacha

a leagadh síos in imeacht na gcianta i suíomh nádúrtha na Life, ó Bhá Bhaile Átha Cliath a osclaíonn amach soir go Sléibhte Bhaile Átha Cliath ar an taobh ó dheas.

Tá clú go hidirnáisiúnta ar Bhaile Átha Cliath freisin de bharr a shaibhre is atá an cultúr agus a fheabhas is atá na healaíona. Tá cáil uirthi de bharr an cheoil agus na litríochta. Mhair roinnt mhaith de na scríbhneoirí is cáiliúla ar domhan inti, lena n-áirítear James Joyce, Oscar Wilde, agus William Butler Yeats, agus scríbhneoirí agus ceoltóirí comhaimseartha iomadúla eile. Le blianta beaga anuas ba mhór mar a chuir cuairteoirí, oibrithe agus cónaitheoirí as tíortha eile leis an bhfuinneamh cruthaitheach nádúrtha seo ós gur ghlac siad páirt sna healaíona agus i saol cultúrtha na cathrach. Agus leis an oidhreacht liteartha shaibhir seo a threisiú, ainmníodh Baile Átha Cliath ina “Cathair Litríochta” de chuid UNESCO.

Léiríodh go raibh aitheantas á thabhairt don tréith seo nuair a rangaigh ‘Rough Guide’, ceann de na treoirleabhair thaistil is fearr ar domhan, Baile Átha Cliath ar an dara cathair is fáiltí ar domhan (Meán Fómhair, 2014).

Le linn di fís Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don Chathair a chur i ngníomh sna cúig bliana seo romhainn, beidh Baile Átha Cliath fós fiontrach mar áit le bheith rathúil i mbun gnó, fáilteach le cuairt a thabhairt uirthi agus taithneamh a bhaint aisti agus cuimsitheach agus inbhuanaithe ag daoine le maireachtáil go sona inti agus leas a bhaint as an dea-cháilíocht bheatha.





TIMPEALLACHT ATÁ AG ATHRÚ

CÚRSAÍ OIBRIÚCHÁIN, 2010-2014

Ba í an timpeallacht oibriúcháin a bhí ann sna cúig bliana seo caite an timpeallacht ba dhúshlánaí i stair na Comhairle. Bhain an chuid seo a leanas leis na heilimintí rithábhachtacha a raibh tionchar acu ar ár ngníomhaíochtaí i dtréimhse Phlean Corparáideach 2010-2014:

- An buiséad foriomlán a bheith laghdaithe go mór mar thoradh ar na laghduithe ar chistiú an Rialtais agus mar thoradh ar na dálaí geilleagracha fíorchrúa a bhí ann go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- An bhéim a bhí ar chomhoibriú níos dlúithe le húdaráis áitiúla eile, le gníomhaireachtaí agus le comhpháirtithe chun an raon agus an caighdeán seirbhísí ab fhearr a sholáthar chomh héifeachtúil ó thaobh costais de is ab fhéidir.
- An dianbhrú chun tithíocht oiriúnach a sholáthar.
- An riachtanas leanúnach costais a bhain leis an bhfoireann a laghdú agus acmhainní a mhéadú trí mhúnla éifeachtach a fhorbairt don phleanáil don lucht oibre mar aon le hathruithe a d'fheilfeadh do phróifíl na bhfostaithe sa lucht oibre.

Ach oiread le bheith ag feidhmiú sna himthosca dúshlánacha eisceachtúla úd, tharla athruithe suntasacha i ról na Comhairle Cathrach. Bhí an Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, 2011 agus na hathchóirithe a comhaontaíodh idir an Rialtas agus na ceardchumainn faoi Chomhaontuithe na Seirbhíse Poiblí, 2010-2014 agus 2013-2016, (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh agus Comhaontú Bhóthar Haddington) i measc na bpríomhnithe a tharla fad is a bhí an Plean Corparáideach deireanach i réim. Tá an timpeallacht oibriúcháin athraithe freisin mar thoradh ar an Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht Rialtais Áitiúil (2010) agus ar an athrú earnála sa rialtas áitiúil agus tá béim níos mó leagtha ar athrú a dhéanamh ar an mbealach ina soláthraítear seirbhísí lena n-áirítear níos mó seirbhísí comhroinnte a thabhairt isteach ar mhaithe le héifeachtúlacht níos fearr agus díriú níos mó ar na seirbhísí don chustaiméir.

Sna cúig bliana seo caite rinneadh athrú ó bhonn ar roinnt mhaith de na seirbhísí traidisiúnta a bhíodh ag an gComhairle. Seo trí cinn d'athruithe a tharla sa soláthar seirbhíse - deireadh le soláthar díreach na seirbhíse bailithe dramhaíola, na Deontais Ardoideachais bogtha chuig gníomhaireacht lárnach agus freagracht as na seirbhísí uisce aistrithe chun Uisce Éireann. Soláthraíonn an Chomhairle Cathrach seirbhísí uisce anois d'Uisce Éireann ar bhonn gníomhaireachta, agus is sampla maith é sin den athrú suntasach a tharla sa timpeallacht oibriúcháin i dtréimhse Phlean Corparáideach 2010-2014.

Áirítear iad seo a leanas i measc na n-athruithe eile a raibh tionchar acu ar ról na Comhairle - bunú an Údaráis Náisiúnta Iompair mar chomhlacht nua ceaptha beartais agus cistiúcháin; Cáin Mhaoine Áitiúil a bheith tugtha isteach in 2013 agus ról breisithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i réimsí amhail Oifig um Sheoladh Dramhaíola Thar Teorainneacha, tógáil ar láimh Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath agus lánpháirtiú Athnuachan Bhaile Munna agus Thaisce Chultúrtha Bharra an Teampaill Teo faoi Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Neartaíodh agus méadaíodh freisin an bhéim a bhí á leagan ar chomhlíonadh agus ar chúrsaí rialachais arna gceangal ag an Rialtas Láir agus ag na Treoracha ón Aontas Eorpach agus sna ceithre bliana seo caite bhí tionchar ag saincheisteanna a bhain le breis is 80 giota éagsúla reachtaíochta nua nó leasaithe ar an gComhairle.

AN DUL CHUN CINN LE LINN 2010 - 2014

Ba shuntasach an t-athrú a tharla sa timpeallacht ina raibh a gnó á dhéanamh ag an gComhairle Cathrach ach mar sin féin lean an Chomhairle uirthi ag fónamh don chathair agus dá muintir agus sholáthair sí breis is 600 seirbhís trína ranna go léir. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn mór sna mór-réimsí ar tugadh aghaidh orthu i bPlean Corparáideach 2010-2014 lena n-áirítear:

Bonneagar

- Droichead Róise Haicéid tógtha ionas go bhféadfaí cur le Líonra an Luas
- Bealach Rothaíochta Bhealach na Canála Móire oscailte idir Portobello agus Duga Spencer
- Eastát Mhichíl athnuaite - Arda Thornton anois
- Scéim Feabhsúcháin Shráid Grafton
- Scéim Rothair Bhaile Átha Cliath leathnaithe amach
- Glasbhealach Ghleann na Tulchann oscailte
- Tionscadal Traschathrach an Luas forbartha
- Bearta maolaithe tuilte
- Ionad Pobail agus Óige an Chloigín Ghoirm oscailte





AN DUL CHUN CINN LE LINN 2010 - 2014

Teicneolaíocht/Geilleagar

- Eolas Fíor-ama do Phaisinéirí tugtha isteach
- Córas na gClibeanna Páirceála leathnaithe
- WI FI Saor in Aisce ar fáil ar fud na Cathrach
- Oifigí Fiontair Áitiúil cruthaithe chun borradh a chur faoi fhorbairt gheilleagrach
- Meáin Shóisialta forbartha mar ardáin chumarsáide
- Comhaontas Cruthaitheachta do Bhaile Átha Cliath curtha chun cinn



AN DUL CHUN CINN LE LINN 2010 - 2014

Áineas/Imeachtaí

- Cluiche Ceannais Shraith Europa de chuid UEFA ar siúl ann in 2011
- An Fhéile Lochlannach i gCluain Tarbh bainistithe
- Cluichí na Peile Meiriceánaí ar siúl ann in 2010 agus 2014
- Rás na Long Ard i mBaile Átha Cliath ann in 2012
- An tairiscint cluichí Chraobhchomórtas EURO 2020 de chuid UEFA a bheith ar siúl ann buaite
- Flightfest tosaithe agus an tinreamh os cionn 100,000 duine
- Céimeanna tosaigh an Giro D'Italia ar siúl ann
- Staid de rith sealaíochta tóirse Chluichí Oilimpeacha Londain 2012 rite ann
- Caifé Pháirc na Cathrach i bPáirc Chrois Araidh oscailte
- An áit súgartha nua i bPáirc Chearnóg Mhuirfean oscailte
- Forbairt déanta ar 11 chlubtheach spóirt
- An chéad áit don 'Ríomhshúgradh' i gcathair Bhaile Átha Cliath oscailte i bPáirc Fhionnradhairc
- Tacaíocht tugtha d'Fhéile bhliantúil Lá Fhéile Pádraig



AN DUL CHUN CINN LE LINN 2010 - 2014

Cúrsaí Cultúrtha/Liteartha/Turasóireachta

- Tús curtha leis an Tascfhórsa Grow Dublin
- Ceathrú an Chultúir i gCearnóg Parnell seolta
- Ról Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sa Tóstal
- A fheabhas is a d'éirigh leis na Gradaim bhliantúla Cathair Amháin-Leabhar Amháin agus IMPAC
- Ainmniú Bhaile Átha Cliath ina Cathair Litríochta UNESCO
- An Aip “Walk Dublin” don fhón cliste forbartha
- Féile Bhliantúil Bram Stoker





AN DUL CHUN CINN LE LINN 2010 - 2014

Gradaim

- An Comhartha Q bronnta ar Aonad na Seirbhísí Custaiméirí de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- An gradam, Údarás Áitiúil na Bliana 2013, ó Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann
- Stáisiún Dóiteáin Chill Bharróg - Buaiteoir Ghradam Glas na hÉireann agus an International Green Award
- An Gradam, Straitéisí Imeachtaí Glasa Comhairle Contae bainte amach



AN DUL CHUN CINN LE LINN 2010 - 2014

Mar aon leis na gníomhaíochtaí atá sa liosta thuas, chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath raon pleananna agus straitéisí tábhachtacha le chéile agus chuir sí i ngníomh iad. Áirítear iad seo a leanas leo sin:

- Straitéis An Fhearainn Phoiblí
- Treochlár Digiteach
- An Plean Gníomhaíochta um an Bhithéagsúlacht
- Crios Rialaithe Speisialta Shr. Grafton /Shr. Uí Chonaill
- Plean Chrios Forbartha Straitéisí na nDugthailte
- Plean Forbartha Mhargaí na Cathrach
- Plean Forbartha Heuston
- An Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inmharthana do Chathair Bhaile Átha Cliath 2010–2020

Cuireadh tuarascálacha mionsonraithe ar an dul chun cinn maidir leis na straitéisí go léir a bhí i bPlean Corparáideach 2010-2014 ar fáil ag deireadh gach aon cheann de chúig bhliana an phlean agus leagadh béim ar an dul chun cinn a rinneadh i ngach réimse. Tá na tuarascálacha seo ar an dul chun cinn le fáil ar www.baileathacliath.ie



AN TREO ROMHAINN

Is iomaí athrú atá ag tarlú faoi láthair a mbeidh tionchar acu ar an timpeallacht oibriúcháin a bheidh ag an gComhairle sna ceithre bliana seo chugainn. Tá athrú creata agus timpeallachta i gceist leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 agus is orthu sin a bhunófar an gnó a bheidh á dhéanamh ag an gComhairle. Méadaíodh an Chomhairle agus is 63 chomhaltaí thofa atá uirthi anois agus rinneadh roinnt athruithe maidir leis na teorainneacha freisin. Is é an ní is mó díol suntais an bhéim sa bhreis a leagadh ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i ndáil lena ról an ghníomhaíocht gheilleagrach a bhrú chun cinn, go háirithe i bhfianaise thús an chora chun feabhais i ngeilleagar na tíre. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair go han-dlúth le hearnálacha an ghnó agus na tráchtála sa chathair ionas go rachaidh an sochar geilleagrach chun tairbhe a mhéid is féidir do Bhaile Átha Cliath agus leanfaidh sí ar aghaidh á chinntiú go mbeidh an tsochaí cuimsitheach ar bhonn sóisialta agus go mbeidh tuilleadh rathúnais ann ar leas mhuintir Bhaile Átha Cliath.

Beidh an riachtanas leanúnach cur chuige dírithe ar an gcustaiméir a ghlacadh i ndáil leis an soláthar seirbhíse ar cheann de na dúshláin a bheidh roimh an gComhairle agus í ag tabhairt faoin bPlean Corparáideach nua seo. Ní mór, d'fhonn gur chathair bhreá í dár gcustaiméirí uile - ár muintir, ár lucht gnó agus ár gcuariteoirí - solúbthacht agus inoiriúnaitheacht a bheith ag roinnt leis an gComhairle ós gurb eagraíocht í mar is cinnte go mbeidh athruithe ag tarlú fós sa timpeallacht sna cúig bliana seo chugainn chomh fada is a bhaineann sé le cúrsaí sóisialta, geilleagracha agus teicneolaíochta de.

Ó tharla go dtarlaíonn na hathruithe teicneolaíochta chomh sciobtha sin, tiocfaidh athrú ar na huirlisí agus ar na hardáin chumarsáide go sciobtha freisin. Déanfaimid an chumarsáid lenár gcustaiméirí ar an mbealach is éifeachtaí agus úsáidfimid gach uile cheann de na meáin thraidisiúnta agus nua chun fónamh dá riachtanais agus chun freastal ar an n-ionchais cibé áit agus cibé uair is féidir. Leanfaidh an Chomhairle uirthi, mar eagraíocht, ag éabhlóidiú freisin sa chaoi go mbeidh na hacmhainní, na struchtúir agus gach a mbeidh uaithi aici chun freastal ar na hionchais sin agus iad a bhainistiú, a fheabhas is féidir é.



FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA

Leagtar amach treo straitéiseach na Comhairle i bPlean Corparáideach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Is í an Fhís don Chomhairle agus don chathair atá lárnach sa phlean agus leagtar béim i ráiteas Misin na Comhairle ar an mbealach ina mbeidh an eagraíocht ag tabhairt faoin bhFís sin agus á comhlíonadh.

Is Spriocanna agus Cuspóirí atá soiléir agus beacht na Spriocanna agus na Cuspóirí as a n-eascróidh pleananna gníomhaíochta ranna na Comhairle. Agus iad i dteannta na Luachanna a seasfaidh an Chomhairle leo sna cúig bliana seo chugainn, treoróidh siad an Chomhairle ó thaobh gach aon rud a dhéanfaidh sí dár muintir, dár ngnóthais agus dár gcuaríteoirí i dtréimhse an Phlean Chorpáraidigh.



RÁITIS FÍSE

BAILE ÁTHA CLIATH

An áit is fearr le bheith, le maireachtáil, le bheith ag obair, le bheith i mbun gnó agus le bheith ar an sáimhín só. Cathair nach bhfuil gann ar aon ní mar go bhfuil sí cairdiúil, forásach, éagsúil agus seoigh.

COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

Comhairle atá fáilteach, nuálach, forásach agus a sholáthraíonn an cheannaireacht trína bheith i dteagmháil go hiomlán lena muintir agus a páirtithe leasmhara.



RÁITEAS MISIN

Soláthróidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath seirbhísí ardchaighdeáin dá muintir agus dá cuairteoirí agus gníomhóidh sí chun an fhéiniúlacht ar leith atá ag Baile Átha Cliath a chosaint agus a chur chun cinn ar bhealach a thabharfaidh aitheantas don am atá caite agus a chinnteoidh go dtiocfaimid slán san am atá romhainn.



LUACHANNA

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tiomanta do shraith luachanna atá ina gcuidiú againn chun sainmhíniú a thabhairt orainn féin agus ar an gcaoi ba mhian linn a bheith, chun gníomhú agus chun fónamh dár bpobail fad is a bheidh an Plean Chorporáideach seo i réim. Is iad na luachanna seo a fhónfaidh mar phrionsabail stiúrtha dúinn i gcaitheamh na gcúig bhliana seo romhainn.

CEANNAIREACHT

Beidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gceannas agus ag obair le comhpháirtithe, le gníomhaireachtaí agus leis an bpobal ar mhaithe le hathrú chun feabhais don chathair.

FÁILTEACH AGUS CUIMSITHEACH

Beidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sásta agus ar fáil chun éisteacht le tuairimí mhuintir na cathrach agus brí a bhaint astu ionas go mbeidh cuimsiú ag roinnt leis an gCathair agus ionas go mbeidh an cuimsiú sin ann dá pobal.

FORÁSACH

Rachaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i muinín smaointe nua, cleachtas agus teicneolaíochtaí nua d'fhonn an chathair a chur chun cinn agus a fhorbairt agus í dírithe ar an mbealach chun cinn.

MEAS


Beidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aireach agus urramach nuair a bheidh cinntí á ndéanamh aici thar ceann phobal síorathraitheach Bhaile Átha Cliath d'fhonn an Chathair a chur chun cinn de réir thuairimí a muintire uile. Mar chuid den luach seo seasfaimid leis an gcothromas agus le cearta an duine do na daoine go léir.

IONRACAS

Stiúrfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an chathair le bród agus le hionracas agus déanfaidh sí cinntí ar mhaithe le leas na cathrach agus a muintire agus seasfaimid go dúthrachtach lenár dtiomantais.

FREAGRACH

Beidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cuntasach ina cinntí uile agus freagrach astu.



TÉAMAÍ

Is iad na daoine bun agus barr Bhaile Átha Cliath.

Na daoine a fhágann go bhfuil an chathair mar atá - beo bríomhar, fáilteach, cluthar, nua-aimseartha, nuálach agus cuimsitheach, agus is iad a fhónann freisin don chathair agus dá pobail, dá gnóthais agus dá cuairteoirí. Tugann ár gComhaltaí Tofa, foireann na Comhairle, ár gcomhpháirtithe a chuidíonn linn luach geilleagrach agus buntáistí turasóireachta a bhaint amach, agus iad go léir i dteannta a chéile, cabhair dúinn na seirbhísí atá riachtanach do phríomhchathair mhór Eorpach a bhainistiú, a sholáthar agus a rialáil. Ar ndóigh is do na daoine na seirbhísí a sholáthraimid - na daoine sin a mhaireann sa chathair, a thagann ar cuairt agus a bhíonn i mbun gnó inti go laethúil.

Méadaíonn daonra na cathrach gach bliain mar thoradh ar an gceithre mhilliún duine nó mar sin a roghnaíonn taisteal go Baile Átha Cliath - daoine a chuireann leis an bhfuinneamh, an bheogacht agus an t-atmaisféar atá sa chathair agus a mbíonn buntáiste geilleagrach ag an gcathair orthu.

Is í ár n-uailmhian leanúint orainn ag coinneáil na ndaoine ar thús cadhnaíochta i ndáil lena mbeidh á dhéanamh againn agus leis an gcaoi a ndéanfaimid é chun cinntiú go bhfíoróimid Fís na Comhairle agus na Cathrach dár gcustaiméirí uile, thar ceann ár muintire.

an áit LE MAIREACHTÁIL

Is ar ár muintir atá ár bpríomhspríocanna dírithe. Ach an cháilíocht bheatha a bheith feabhsaithe i dtimpeallacht shábháilte, cuimsiú sóisialta cinntithe, soláthar tithíochta leordhóthanach curtha ar fáil agus fónais ardchaighdeáin forbartha beidh Baile Átha Cliath ina háit níos fearr le maireachtáil.

an áit LE MAIREACHTÁIL

SPRIOC 1

Múnla cistiúcháin agus bainistíochta a fhorbairt chun cur i gcrích na dtosaíochtaí Tithíochta go léir go dtí 2019 a éascú.

Cuspóir:

- A bheith i dteagmháil le ranna Rialtais, Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, gníomhaireachtaí eile agus leis an earnáil phríobháideach le linn don mhúnla airgeadais agus bainistíochta a bheith á fhorbairt.



an áit LE MAIREACHTÁIL

SPRIOC 2

Cur leis an soláthar tithíochta sóisialta agus feabhas a chur ar an stoc tithíochta reatha.

Cuspóirí:

- Plean Tithíochta a ullmhú lena n-áireofar tithe nua a thógáil agus tithe atá ann a athchóiriú
- Comhoibriú le comhlachtaí Deonacha agus Comharchumainn agus leis an earnáil phríobháideach chun tithe breise a sholáthar chun an riachtanas tithíochta a shásamh
- Clár athnuachana a ullmhú agus aonaid i móráláithreacha ar a mbeifear ag díriú a athchóiriú agus a fheabhsú
- Riaráistí cíosa, morgáiste agus riaráistí eile atá dlite don Chomhairle a bhainistiú go réamhghníomhach
- An Plean Cóiríochta don Lucht Siúil a chur i ngníomh
- Caighdeán na cóiríochta príobháidí ar cíos a choinneáil trí chigireacht rialta
- An rátáil fuinnimh in aonaid tithíochta a fheabhsú agus an lorg carbóin sa Chathair a ísliú agus an tearcrochtain fuinnimh a ísliú

SPRIOC 3

Aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine atá buailte ag an easpa dídine agus seirbhísí tithíochta a fheabhsú.

Cuspóirí:

- Na cuspóirí atá sa phlean gníomhaíochta do Bhaile Átha Cliath 2014 - 2016 Buanú na Slí Abhaile a chur i ngníomh go hiomlán
- An soláthar aonad tithíochta le tacaíocht a mhéadú de réir mar is gá
- Seirbhísí tacaíochta coisctheacha a sholáthar ionas nach bhfágfar daoine gan dídean an athuair
- A chinntiú go sásófar riachtanais tithíochta, sláinte agus leasa na ndaoine gan dídean
- An t-imeacht ó chóiríocht éigeandála a shimpliú agus a dheifriú
- Deireadh a chur leis an ngá a bhíonn ag daoine codladh amuigh

an áit LE MAIREACHTÁIL

SPRIOC 4

Cáilíocht bheatha níos fearr agus cuimsiú sóisialta a bheith ar fud na Cathrach trí chomharsanachtaí inbhuanaithe a bheith ann, raon seirbhísí mar thacaíocht acu agus córas iompair phoiblí maith agus bonneagar glas mar cheangal eatarthu.

Cuspóirí:

- Plean Forbartha nua don Chathair a chur ar fáil le haghaidh 2016-2022, agus beartais agus caighdeán ann chun go mbeidh na comharsanachtaí inbhuanaithe
- A chinntiú go gcuirfear an Plean Forbartha agus na Pleananna Áitiúla i gcrích trí Chóras Bainistíochta Forbartha a bheidh ar ardchaighdeán agus sofhreagrach
- Tionscnaimh a bhrosthú, amhail an Tascfhórsa ar Thithíocht agus an Suirbhé ar Thalamh Neamhshealbhaithe, chun an soláthar tailte críosaithe le haghaidh tithíochta agus le haghaidh tráchtála agus tailte seirbhísithe a thabhairt chun cinn
- Tús a chur leis an úsáid is fearr a bhaint as talamh uirbeach trí dhlúsanna inbhuanaithe lena ngabhfaidh bonneagar glas comhtháite
- Feabhas a chur ar na bealaí a cheanglaíonn na páirteanna seanbhunaithe den chathair leis na páirteanna nua trí fhearann poiblí ar ardchaighdeán, éasca le dhul thart air a bheith ann



an áit LE MAIREACHTÁIL

SPRIOC 5

Tacú le maireachtáil neamhspleách do chách in earnálacha uile na sochaí.

Cuspóirí:

- An Straitéis Náisiúnta Míchumais a chur i ngníomh
- Cur leis an soláthar d'aonaid oiriúnaithe agus méadaithe do dhaoine faoi mhíchumais
- Tacú leo siúd a bheidh ag bogadh ó láithreacha comhchónaithe agus cónaithe chun maireachtáil go neamhspleách
- Aonaid oiriúnacha a sholáthar do dhaoine scothaosta
- Leanúint ar aghaidh le deontais i gcabhair do chónaitheoirí i dtithe príobháideacha

SPRIOC 6

Maireachtáil fholldáin a chur chun cinn mar aon le húsáid áineasa a bhaint as áiseanna nádúrtha uathúla Bhaile Átha Cliath ach an comhshaol a chosaint agus an teacht aniar a fheabhsú ar mhaithe le bheith in ann ag an athrú aeráide.

Cuspóirí:

- Bainistíocht forbartha agus sásraí eile a úsáid chun an líonra glas atá ina cheangal idir spásanna oscailte agus na spásanna líneacha reatha sa Chathair a fhadú chun soláthar don mhaireachtáil fholldáin, don bhithéagsúlacht agus don teacht aniar
- Freastal, a mhéid is féidir é, ar an éileamh ar shaoráidí spóirt agus áineasa do na haoisghrúpaí uile sna comharsanachtaí
- Cur le tarraingteacht Chuan Bhaile Átha Cliath mar acmhainn don fhiadhúlra, don áineas, agus mar áis nádúrtha lena ngabhann buntáistí geilleagracha, lena n-áirítear Oileán an Bhulla, Leithinis an Phoill Bhig agus na purláin
- Cur leis na deiseanna áineasa, taitneamhachta, rothaíochta agus siúlóide atá thart ar aibhneacha agus chanálacha Bhaile Átha Cliath
- Na Córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe a mhéadú de réir mar a thiocfaidh deiseanna chun cinn ar fud na Cathrach

an áit LE MAIREACHTÁIL

SPRIOC 7

Pobail a bheidh rannpháirteach agus gníomhach a fhorbairt i ndáil le cuimsiú sóisialta agus maireachtáil fholáin a chur chun cinn.

Cuspóirí:

- Tuilleadh forbartha fós a dhéanamh ar an gcaipiteal sóisialta, ar shaoránacht ghníomhach I bpobail na cathrach trí Draenála Uirbí Inbhuanaithe a mhéadú de réir mar a thiocfaidh deiseanna chun cinn trí Líonra na Comhpháirtíochta Poiblí, tríd an bPlean Geilleagair agus Pobail Áitiúil agus trí bhearta eile
- Tacaíocht a thabhairt ionas go mbeidh lámh ag an bpobal i gcúrsaí sábháilteachta agus slándála go háitiúil
- An creat straitéiseach ar lánpháirtiú “I dTreo an Lánpháirtithe” a athbhreithniú
- A bheith rannpháirteach i dteannta na ngníomhaireachtaí reachtúla eile chun an Straitéis Náisiúnta Leanai agus Daoine Óga a chur i gcrích
- Beartais agus prótacail ar chuimsiú sóisialta a bhainistiú trí líonra oifigí limistéir na Comhairle Cathrach



an áit LE MAIREACHTÁIL

Áirítear iad seo a leanas leis na straitéisí ábhartha a rachaidh i gcion ar Bhaile Átha Cliath chomh fada is a bhaineann sé lena háit mar “An Áit le Maireachtáil” a bhaint amach:

- Government Housing Strategy – November 2014
- Tithe ar ardchaighdeán a sholáthar i ndlúthchathair
- National Housing Policy Statement February 2013
- Action Plan for Dublin 2014-2016 Sustaining The Pathway to Home
- Implementation Plan on the State’s Response to Homelessness (2014-2016)
- An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumais 2011-2016
- Foirgníocht 2020
- Public Realm Strategy
- An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta
- Seirbhísí Leanaí - An Beartas Súgartha
- Bí ag Súgradh anseo, Bí ag Súgradh ansin, Bí ag Súgradh i ngach áit - Plean Súgartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2012 – 2017.
- Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile 2014 - Creatlach an Pholasáí nua do Leanaí agus do Dhaoine Óga
- Centre for Effective Services 2010
- ‘Working Together for Children’. Strategy Toolkit for the development of a Children’s Service Committee 2012.
- Bí ag Súgradh - An Beartas Náisiúnta Súgartha 2003 – 2008.
- Straitéis Aoisbhá Bhaile Átha Cliath 2014 – 2019.



an áit **LE BHEITH**

Maidir le cuairteoirí, lucht gnó agus ár muintir, is é uailmhian na Comhairle scoth an bhonneagair, na n-áiseanna agus na n-imeachtaí a bheith i mBaile Átha Cliath agus ár n-oidhreacht agus ár dtraidisiúin a bheith á gcothú againn agus é d'uailmhian againn gur muid fós an rogha cathrach as measc chatracha na hEorpa.

an áit **LE BHEITH**

SPRIOC 1

Turasóireacht, spórt agus áineas a chur chun cinn agus mórimeachtaí agus raon gníomhaíochtaí a mhealladh, a bhainistiú agus a thacú don Chathair.

Cuspóirí:

- Oibriú i gcomhar le heagraíochtaí turasóireachta chun cathair Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn mar mhóráit tharraingteach don turasóireacht
- Clár comhtháite d'fhorbairt na n-ealaíon, d'fhéilte cultúrtha agus d'imeachtaí a thacú agus a éascú
- A bheith gníomhach i mbun tairisceana agus sa tóir ar mhórimeachtaí don Chathair
- Comhpháirtíocht nua spóirt agus folláine don Chathair a bhunú
- An caidreamh le cathracha idirnáisiúnta eile a fhorbairt agus a fheabhsú.



an áit LE BHEITH

SPRIOC 2

An chóimheá a bheith ceart maidir le hoidhreacht uathúil nádúrtha agus thógtha na Cathrach a chothú agus áiteanna nua a thógáil agus sin a dhéanamh trí dhearadh uirbeach ar ardchaighdeán.

Cuspóirí:

- Na croíláir Sheoirseacha Thuaidh agus Theas den Chathair a athbheochan, trína n-úsáid ar bhealaí nua agus inoiriúnaithe a thiocfadh le tréithe an limistéir
- Leanúint ar aghaidh ag méadú lár na cathrach soir i dtreo na nDugthailte, agus siar tríd an stua ó Ghráinseach Ghormáin go Ceathrú Heuston
- Sráideanna gathacha na cathrach a threisiú trí úsáidí nua a bhaint as urlár uachtarach, agus as forbairt inlíonta
- An tsamhail “Sráidbhaile Uirbeach” a leathnú amach chun lárionaid chosúla rathúla a chruthú i limistéir nua atá i mbéal forbartha sa chathair
- Freagra níos mionchoigeartuithe a fháil maidir le hairde foirgneamh i ndáil leis an gcomhthéacs agus leis an déanamh áite don chathair
- Athúsáid spáis fholaimh nó thearcúsáidte ar urlár na talún nó ar an urlár uachtarach sa stoc tógála reatha a chur chun cinn trína chinntiú go gcuirfear saincheistean a bhaineann le planáil; sábháilteacht ó dhóiteán, rochtain do dhaoine faoi mhíchumas; oidhreacht; caomhnú; rátaí tráchtála agus folláine chomhshaoil in iúl ar bhealach comhtháite.

SPRIOC 3

An líonra bóithre, sráideanna agus an fearann poiblí a fhorbairt agus a chothabháil le bheith ar na caighdeáin idirnáisiúnta is airde ach sláine na hoidhreacht uathúla atá ag an gcathair a chothabháil freisin.

Cuspóirí:

- Feabhsú bhonneagar na cathrach a bheith mar sprioc leis na hoibreacha caipitil agus dóthain acmhainní a sholáthar le haghaidh oibreacha móra fearainn phoiblí, an leas is fearr a bhaint as an gcistiú deontais bliantúil agus acmhainní a leithroinnt chun an éifeachtúlacht costais is fearr a bhaint amach
- Oibreacha a chur in ord tosaíochta chun cothabháil ar an luach is fearr a chinntiú i ndáil le bonneagar na cathrach agus chun cinntiú go ndéanfar líonra bóithre, cosán agus rothaíochta na cathrach a chothabháil le go mbeidh siad ar an gcaighdeán sábháilteachta is airde
- Na háiseanna do choisithe agus na háiseanna siúlóide atá sa chathair a fheabhsú go suntasach
- Córas Bainistíochta Sócmhainní Iompair (CBSI) a thabhairt isteach
- Seirbhís troscán sráide na cathrach a bhainistiú agus a fheabhsú tríd an dearadh a bheith go maith ionas go gcuirfear leis an sásamh a bhaineann daoine as an gcathair.
- Na hoscailtí is gá a dhéanamh ar bhóithre a bhainistiú ionas nach gcuirfear isteach ach a laghad is féidir é ar an gcathair.

an áit LE BHEITH

SPRIOC 4

Fearainn Pháirce na Cathrach a bhainistiú agus a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt chun bearta agus tionscadail bhitheagsúlachta a fhorbairt.

Cuspóirí:

- An cleachtas is fearr a bhaint amach maidir le bainistíocht an chomhshaoil nádúrtha, lena n-áirítear páirceanna agus spásanna oscailte na cathrach
- Níos mó beochana agus tarraingteachta a bheith ag roinnt leis na páirceanna sa Chathair trí imeachtaí, margáí agus gníomhaíochtaí áineasa
- A bheith réamhghníomhach ar thóir deiseanna chun áiseanna breise áineasa agus spóirt a fhorbairt sa Chathair
- Leanúint ar aghaidh ag cur an Phlean um an Bhitheagsúlacht i ngníomh
- Teachtaireachtaí agus freagraí feasachta a chur i dtoll a chéile chun cur in aghaidh fadhbanna a tharlaíonn de bharr iompar frithshóisialta agus de bharr salú ag madraí i bpáirceanna na cathrach



an áit LE BHEITH

SPRIOC 5

Timpeallacht Chathair Bhaile Átha Cliath a chothabháil le go mbeidh sí ar an gcaighdeán idirnáisiúnta is airde agus cáilíocht na timpeallachta a fheabhsú trínár seirbhísí a sholáthar go hinbhuanaithe, agus na freagrachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta agus na himpleachtaí á n-aithint againn.

Cuspóirí:

- Ardchaighdeán glaineachta mar atá sna príomhchathracha is glaine san Eoraip a chinntiú go seasta ar fud na cathrach
- Fáil ar fhaisnéis ar an gcomhshaol a fheabhsú agus cur leis an bhfeasacht ar an gcomhshaol atá ag muintir na cathrach trí mhodhanna cumarsáide digiteacha a úsáid
- Cáilíocht an uisce inár n-aibhneacha agus inár limistéir snámha a chaomhnú agus a fheabhsú cibé áit is gá
- An baol ó thuilte a laghdú agus freagairt go cuí agus go héifeachtach do theagmhais tuilte
- Na gealltanais i dtaobh seirbhísí uisce a chomhlíonadh de réir mar atá leagtha síos sa Chomhaontú Seirbhíse atá idir an Chomhairle agus Uisce Éireann
- Caighdeán an aeir a chosaint de réir na dTreoracha ón Aontas Eorpach
- A chinntiú, sa cháil dúinn mar Údarás Inniúil Náisiúnta le haghaidh na n-onnmhairí agus na n-allmhairí drámhaíola uile, go gcomhlíonfaimid na rialacháin AE go hiomlán thar ceann na n-údarás áitiúil uile in Éirinn
- Sa cháil dúinn mar Chomhordaitheoir Réigiúnach ar Phlean Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir-Lár Tíre cosc, athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola a chur chun cinn agus a spreagadh de réir bheartas an AE agus an bheartais náisiúnta
- An Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn 2013-2018 a chur i ngníomh agus plean a ullmhú do 2019- 2024
- Úsáid fuinnimh a laghdú i soláthar an tsoilsithe phoiblí.

an áit LE BHEITH

SPRIOC 6

Líonra na Leabharlainne Cathrach, Oifig Ealaíon na Cathrach agus Dánlann Ealaíne an Hugh Lane a bhainistiú agus a chur chun cinn mar mhoil le haghaidh an chultúir agus bailiúcháin ealaíne agus le haghaidh deiseanna foghlama.

Cuspóirí:

- Leabharlann Cathrach nua Bhaile Átha Cliath a fhorbairt ar Chearnóg Parnell
- Bheith chun tosaigh chun Cathair Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn mar Chathair Litríochta
- Plean Ealaíon Chathair Bhaile Átha Cliath a chur i ngníomh
- Cur le próifíl Dhánlann Ealaíne Chathair Bhaile Átha Cliath, an Hugh Lane
- Bheith páirteach sa chlár, Deich mBliana na gCuimhneachán, lena n-áirítear Éirí Amach 1916, a chuirfidh na bailiúcháin cuimhní dhifriúla atá sa Chathair faoi bhráid na ndaoine go háitiúil agus go hidirnáisiúnta.



an áit **LE BHEITH**

SPRIOC 7

Féachaint chuige go mbeidh Baile Átha Cliath sábháilte mar áit le maireachtáil, le bheith ag obair, ar cuairt agus ar an sáimhín só.

Cuspóirí:

- Comhoibriú leis an nGarda Síochána, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, le gníomhaireachtaí eile agus leis an lucht gnó chun bearta a chomhordú agus a fhorbairt chun déileáil le fadhbanna a tharlaíonn ar shráideanna na cathrach amhail iompar frithshóisialta, gníomhaíocht drugaí, déircínteacht ionsaitheach agus buscáil ghlórach.
- Ár gcomhshocruithe comhpháirtíochta le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha agus le grúpaí a bheachtú tuilleadh agus a fhorbairt i ndáil le tacú le pobail shábháilte agus i ndáil le díriú ar earnálacha i mbaol lena n-áirítear teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste, seandaoine agus daoine eile
- Comhairle agus treoir a thabhairt chun cur le sábháilteacht na bpobal.
- Reachtaíocht ábhartha maidir le Sábháilteacht ó Dhóiteán a chur i ngníomh i bhfoirgnimh nua agus sna foirgnimh atá ann cheana chun cleachtais ar shábháilteacht ó dhóiteán agus cleachtais bhainistíochta ar shábháilteacht ó dhóiteán a fheabhsú.
- Ullmhacht agus freagairt maidir le Bainistíocht Móréigeandála a chomhordú agus a éascú go háirithe maidir le planáil anachaine agus tarlúintí de bharr drochaimsire.
- Tacú leis an bhFórsa Cosanta Sibhialta nuair a bhíonn oibrithe deonacha á n-oiliúint agus á n-úsáid aige agus é ag tacú le pobail i gcásanna éigeandála.

an áit LE BHEITH

Le linn don Chomhairle a bheith ag gabháil dá haidhm a chinntiú gurb í Baile Átha Cliath “An Áit le Bheith”, cuirfear an Plean Corparáideach chun feidhme mar aon leis na straitéisí seo a leanas:

- Beartais an Aontais Eorpaigh agus Beartais Náisiúnta maidir le Dramhaíl
- An Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn
- Todhchaí an chroíláir Sheoirsigh Theas
- An tSeirbhís Páirceanna An Cúlra Straitéiseach
- Beartais Idirnáisiúnta/Eorpacha/Náisiúnta
- UNESCO Man and Biosphere Programme
- NPWS – All Island Species Action Plans and Threat Response Plans
- Invasive Species Ireland – Invasive Species Action Plans
- Actions for Biodiversity 2011-2016: Ireland’s National Biodiversity Plan
- National Climate Change Strategy
- Action Plan for Urban & Suburban Birds in Ireland 2011-2020 (Birdwatch Ireland)
- Local Government Planning & Development Act – Go sonrach ‘Development Control’ & Tree Preservation Orders’
- Creating Green Infrastructure for Ireland (Comhar 2010)
- Green City Guidelines (UCD, 2008)
- Ready, Steady Play, A National Play Policy
- Destination Dublin – A Collective Strategy for Tourism Growth to 2020
- Draft National Landscape Strategy
- Eastern River Basin District Plan and Water Framework Directive
- Regional Planning Guidelines for Greater Dublin Area
- Residential Density Guidelines
- Dublin City Development Plan
- Open Space Strategy (Draft) 2014
- Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2008-2012
- Plean Oidhreachta 2002-2006
- Polasaí ar shúgradh Leanaí
- Your City Your Space- Dublin City Council Public Realm Strategy
- SAAO Management Plan for North Bull Island National Special Amenity Area
- Straitéis Inbhuanaitheachta Cathrach
- City Climate Change Strategy



an áit **LE hAGHAIDH GNÓ**

Is í Baile Átha Cliath ár
bpríomhchathair - is inneall agus is
mol í don fhorbairt gheilleagrach.
Is é ár n-uailmhian an bonneagar
a choinneáil agus cur leis,
gníomhaíochtaí a fhorbairt agus
a oiread leasa is is féidir a bhaint
as teicneolaíochtaí chun cinntiú
go mbeidh ár gcathair ar thús
cadhnaíochta ó thaobh an ghnó
agus an rathúnais gheilleagraigh de.

an áit **LE hAGHAIDH GNÓ**

SPRIOC 1

An buntáiste iomaíoch atá ag Baile Átha Cliath, ós gur príomhchathair í atá istigh i Réigiún Cathrach, a fhorbairt trí phleanáil chomhtháite agus trí chomhoibriú i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Cuspóirí:

- A chinntiú go mbainfidh comhordú leis an mbonneagar straitéiseach i réigiún na cathrach chun soláthar d'fhás sóisialta, fisiceach agus geilleagrach sa todhchaí
- An Plean Gníomhaíochta don Fhorbairt Eacnamaíochta don Chathair a athrú chun dáta agus a chur i ngníomh, agus líonra de chnuasaigh gheilleagracha a chur san áireamh ann de réir mar is gá
- Comhaontas éifeachtach a bhunú idir lucht gnó réigiúin na cathrach, an rialtas áitiúil, gníomhaireachtaí stáit agus na hearnálacha tríú leibhéal chun tuilleadh suntais a thabhairt do phróifíl agus do bhranda idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath, trí Dublinked agus líonraí eile
- Cuidiú leis an Tionól Réigiúnach nua chun Plean Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnach nua a ullmhú
- Comhoibriú leis na hÚdaráis Áitiúla thadhlacha oibriú in aghaidh an athraithe aeráide, ar bhealach comhordaithe, agus aird faoi leith á tabhairt ar fhuinneamh, ar phatrúin lonnaithe, ar iompar, ar bhainistíocht dramhaíola, agus ar bhealaí glasa

an áit **LE hAGHAIDH GNÓ**

SPRIOC 2

Cumas Bhaile Átha Cliath ó thaobh geilleagair agus fiontair de a fhorbairt d'fhonn slite beatha a bheith ar fáil inti ar mhaithe le daonra atá ag dul i líonmhaire a chothú.

Cuspóirí:

- Plean Geilleagair agus Pobail Áitiúil nua a ullmhú, a fhéadfar a úsáid chun téarnamh socheacnamaíoch na Cathrach a bhrú chun cinn
- Méadú na hearnála miondíola a éascú chun cinntiú gurb é an Lár príomhionad miondíola an réigiúin fós, agus tacú le forbairt na turasóireachta
- Earnálacha fáis éiritheacha a shainaithint agus tuilleadh Pleananna Limistéir Áitiúil a chur i dtoll a chéile chun fás sóisialta agus geilleagrach na cathrach a thabhairt ar aghaidh
- Sraith beartas forbartha maidir leis an ngeilleagar agus le fiontair a nuashonrú sa Phlean Forbartha nua don Chathair 2016-2022
- Forbairt rathúil na bPríomhearnálacha Fáis sa Chathair a chinntiú tríd an bPlean Forbartha, trí na Pleananna Limistéir Áitiúil, Crios Forbartha Straitéisí (CFS) na nDugthailte agus CFS Ghráinseach Ghormáin a chur i ngníomh



an áit **LE hAGHAIDH GNÓ**

SPRIOC 3

Soláthar do ghluaiseacht shábháilte, inbhuanaithe agus éifeachtach daoine, agus gluaiseacht éifeachtach earraí agus iompair sa chathair a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe.

Cuspóirí:

- A chinntiú go soláthrófar acmhainní leordhóthannacha don phleanáil iompair a sheasfaidh le leas Bhaile Átha Cliath nuair a bheidh ionchur lárnach le ceapadh le cur isteach i bpleananna forbartha áitiúla agus náisiúnta
- A chinntiú go gcuirfear tionscnaimh náisiúnta agus áitiúla don tsábháilteacht ar bhóithre i ngníomh ionas go bhfágfar go mbeidh Baile Átha Cliath ar cheann de na cathracha is sábháilte san Eoraip do choisithe
- An t-ord tosaíochta is airde a thabhairt do choisithe i ndáil leis an bpleanáil iompair, agus an rothaíocht, feithiclí iompair phoiblí, earraí agus eile á leanúint in ord
- Barr feabhas a chur ar ár n-infheistíocht i gCórais Iompair Chliste (ITS) chun cinntiú go ndéanfar gluaiseacht tráchta a bharrfheabhsú
- Na moltaí do phlean bainistíochta tráchta atá sa staidéar straitéiseach a rinneadh do Chathair Bhaile Átha Cliath a chur i ngníomh
- A chinntiú maidir le planáil iompair go leanfar an Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha agus go mbeidh sí de réir an Bheartais Rialtais ‘Smarter Travel – A Sustainable Transport Future’
- An tseirbhís pháirceála is éifeachtaí a sholáthar do mhuintir agus d’úsáideoirí chathair Bhaile Átha Cliath agus na mbóithre agus na sráideanna sa chomharsanacht
- Na moltaí do Chathair Bhaile Átha Cliath atá i líonra Rothaíochta Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath a chur i ngníomh
- Tionscadail oiriúnacha do Chathair Chliste a fhiosrú le príomhchuideachtaí idirnáisiúnta T.F.
- A chinntiú go dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna bainteach leis an tsábháilteacht áitiúil trí leas éifeachtach a bhaint as córas an Ghrúpa Chomhairligh ar Thrácht.

an áit **LE hAGHAIDH GNÓ**

Maidir leis “An Áit le bheith i mbun Gnó”,
braithfidh áit Bhaile Átha Cliath ar an scála ar
na príomhstraitéisí seo a leanas freisin:

- Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath
- Destination Dublin – A Collective Strategy for Tourism Growth to
2020; Tascfhórsa Grow Dublin
- An Plean Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnach
- An Plean Rothaíochta do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath
- An Plean Gníomhaíochta do Gheilleagar Réigiún Bhaile Átha Cliath



AN PLEAN CORPARÁIDEACH A CHUR I nGNÍOMH

Beidh cur i ngníomh, monatóireacht agus tomhas an Phlean Chorporáidigh seo tábhachtach do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus go mór mór, dár muintir agus dár gcustaiméirí - na daoine ar a bhfuil na huaillmhianta go léir atá sa phlean dírithe.

Sa Phlean Corparáideach seo, atá glactha ag an gComhairle, tugtar breacchuntas ar Fhís don eagraíocht agus don chathair chomh maith le sraith príomhspricanna agus cuspóirí gaolmhara fadtéarma a bheidh mar threoir chun a bhfuil leagtha síos sa doiciméad a chur i gcrích. Is iad foireann na hardbhainistíochta agus baill foirne na Comhairle (i dteannta le páirtithe leasmhara eile, i gcásanna áirithe) a fhéachfaidh leis na Spricanna agus na Cuspóirí seo a chur i gcrích. Maidir leis an bplean seo, a cuireadh i dtoll a chéile de réir an chreata reachtúil a leagadh amach do na hÚdaráis Áitiúla, i gcomhréir le doiciméid straitéiseacha agus beartais eile, náisiúnta agus Eorpacha, agus aird chuí á tabhairt ar bheartais an Choimisiúin um Chearta an Duine in Éirinn, beidh sé tábhachtach é a chur i ngníomh, é a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh air de réir an chleachtais is fearr.

D'fhonn an méid sin a bhaint amach agus Cur i ngníomh na Spriocanna agus na gCuspóirí seo a chur i gcrích agus a thuairisciú, cuirfidh gach Roinn sa Chomhairle Pleananna Seirbhíse Bliantúla le chéile (pleananna gnó/roinne mar a bhíodh roimhe seo) de réir teimpléid Plean Gníomhaíochta a bheidh comhaontaithe comhsheamhach agus mionsonraithe. Cinnteoidh an cur chuige seo go mbeidh ceangal soiléir, simplí agus díreach agus sineirgíocht idir na Spriocanna agus na Cuspóirí a dtugtar breac-chuntas orthu sa Phlean Corparáideach, na gníomhartha mionsonraithe gaolmhara a bheidh sna Pleananna Seirbhíse Bliantúla agus na freagrachtaí aonarach ag na leibhéil oibriúcháin trí phleananna foirne agus CBFF. Beidh sonraí bonnlíne ar shaincheisteanna tábhachtacha atá sa Phlean Corparáideach ar an teimpléad Plean Gníomhaíochta mar aon le méadracht ábhartha don iniamh agus don tomhas agus don chomparáid a dhéanfar go leanúnach in aghaidh na bliana.

Tabharfar tacaíocht iomlán do na Pleananna Seirbhíse Bliantúla trí shásra tuairiscithe cuimsitheach don Choiste Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI). Beidh tuarascálacha ar dhul chun cinn ann agus áireofar leo:

- Nithe a bhainfidh leis an ngníomh faoin Sprioc/Cuspóir liostaithe
- Príomhthomhais feidhmíochta do gach ní
- Amlínte garsprice do na gníomhartha go léir
- Impleachtaí don bhuiséad/d'acmhainn
- Príomhspleáchais
- Tuarascálacha ar dhul chun cinn le cur i ngníomh maidir le gach gníomh

Beidh tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar an dul chun cinn maidir leis na gníomhartha seo go léir ina cuid lárnach de Phlean Cumarsáide páirti leasmhar chun na páirtithe leasmhara ábhartha - comhaltaí tofa, an fhoireann, muintir agus gnóthais Chathair Bhaile Átha Cliath, an pobal i gcoitinne, ranna Rialtais, CNMI agus ár gcomhpháirtithe sa soláthar seirbhíse - a chur ar an eolas i dtaobh an dul chun cinn a bheidh déanta i ngach aon ghné den Phlean Corparáideach.

Cinnteoidh an Tuairisciú Bainistíochta Míosúil don Chomhairle, córas a tugadh isteach in 2014, go gcoinneofar na comhaltaí tofa agus ár muintir cothrom le dáta freisin maidir leis an ngníomhaíocht chorparáideach agus na nithe gnímh go minic agus go leanúnach ar feadh na bliana.

Beidh dlúthcheangal freisin idir an Plean Corparáideach agus próisis phleanála bhuiséad bliantúil agus bhainistíochta rioscaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Beidh tionchar na n-acmhainní a bheidh ar fáil - acmhainní airgeadais, daonna agus teicneolaíochta - ina gcuid den phróiseas athbheithnithe bliantúil ar an tuarascáil ar dhul chun cinn agus seolfar clár rioscaí mionsonraithe chun na rioscaí féideartha agus na saincheisteanna maolaithe i dtaobh na bpríomhnithe insoláthartha sa Phlean Corparáideach a mheas. I dteannta chlár rioscaí na Comhairle, measfar idirspheáchais eile freisin go bliantúil i dtréimhse an Phlean Chorporáidigh seo.



AGUISÍN

STRUCHTÚR CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

Ardmhéara Bhaile Átha Cliath

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
(63 Comhalta Tofa)

An Grúpa Polasaí Corparáidigh

An tArdmhéara
Cathaoirligh 7 Choiste um
Beartais Straitéiseacha
An Príomh Fheidhmeannach

5 Choiste Ceantair

An Lárcheantar
An Lárthuaisceart
An Lárdheisceart
An tOirdheisceart
An tIarthuaisceart


7 Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPCs)

Ealaíon, Cultúir, Fóillíochta agus Pobail,
Fiontair agus Forbairt Eacnamaíochta,
Comhshaol
Airgeadais & Seirbhísí Móréigeandála
Tithíocht
Pleanáil agus Gnóthaí Idirnáisiúnta
Iompar



AGUISÍN

STRUCHTÚR NA RANN





Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Foilseachán de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2015.



DublinCityCouncil



@DubCityCouncil



DublinCityCouncil



CityofDublin